An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# SUIRBHÉIR CAINNÍOCHTA - GRÁD INNEALTÓRA FEIDHMIÚCHÁIN SHINSEARAIGH

## AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar do chách curtha le chéile faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir soláthar agus éileamh maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíocht raon leathan de sheirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar.
- Feabhsúchán Piríte, Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha agus Scéim Feabhsúcháin um Lochtanna in Árasáin.
- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne.
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta.
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC.
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú.
- Morgáiste go Cíos.
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas.
- Seirbhísí Comhairleoireachta um Fhorbairtí Il-Úsáideoirí.
- Forbairt agus bainistíocht talún.
- Frithghealladh Iasachtaí na nÚdarás Áitiúil.

- An Ciste Croí Cónaithe (Cathracha) a bhainistiú.
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.
- Frithghealladh Iasachta.
- Oiliúint agus Eolas do Chleachtóirí Tithíochta.
- Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Cúnamh le haghaidh tithíocht inacmhainne a sholáthar.

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

## AN POST

Tá iarratais á lorg anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta don phost mar Shuirbhéir cainníochta le dul i mbun oibre leis na Foirne Tionscadail agus Soláthair, laistigh den Stiúrthóireacht Timpeallachta Tógtha  Beidh an post seo ar leibhéal Innealtóra Feidhmiúcháin Shinsearaigh – (Scálaí ÚÁ). Is post buan é agus beidh sé bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## PRÍOMHDHUALGAIS

Beidh an té a cheapfar ag obair mar chuid de dhá fhoireann ildisciplíneacha: foireann theicniúil ildisciplíneach d'ailtirí, innealtóirí agus suirbhéirí cainníochta ar an bhFoireann Clár, Soláthair agus Tionscadal agus foireann eile ildisciplíneach de chleachtóirí tithíochta sa stiúrthóireacht Soláthair agus Nuálaíochta. Is iad na príomhdhualgais a bheidh acu:

- Scileanna teicniúla in oiriúint don phost a úsáid i dtaca leis an obair a shanntar.
- Tacaíocht a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna ar an gcaoi is éifeachtaí agus iad ag soláthar tithíochta, lena n-áirítear conarthaí deartha agus tógála, conarthaí arna ndearadh ag fostóirí, forbairtí lándéanta, comhaontuithe forbartha, comhfhiontair agus próisis iomaíocha comhrá.
- Ról ceannasach a bheith aige/aici maidir le sonraí costais soláthair tithíochta ó roinnt páirtithe leasmhara (Údaráis Áitiúla, CTCanna agus eagraíochtaí eile nach iad) a chur i dtoll a chéile agus anailís a dhéanamh orthu. Tá córais éagsúla maoinithe tithíochta (lena n-áirítear Croí Cónaithe (Cathracha)) i gceist leis seo.
- Méadracht chuí do chostais soláthair tithíochta a fhorbairt agus a roinnt le príomhpháirtithe leasmhara.
- Painéal suirbhéirí cainníochta comhairleacha na Gníomhaireachta Tithíochta a bhainistiú nó iad a sholáthar de réir mar is cuí. Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar thuarascálacha agus ar cháipéisí eile (m.sh. scarbhileoga excel) a sholáthraíonn na suirbhéirí cainníochta comhairleacha atá ar phainéal na Gníomhaireachta Tithíochta.

- Cúnamh agus tacaíocht a chuir ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe maidir le treoracha tionscadail agus meastacháin chostais a fhorbairt.
- Cúnamh agus tacaíocht d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna maidir le comhairleoirí agus conraitheoirí oibreacha a earcú.
- A bheith ag obair le hailtirí, innealtóirí, suirbhéirí cainníochta, comhairleoirí dóiteáin agus comhairleoirí eile de réir mar is gá agus tionscadail tithíochta sóisialta agus inacmhainne is na hoibreacha a ghabhann leo á ndearadh agus á gcur i gcrích. Ról ceannasach a ghlacadh ar fhoirne ildisciplíneacha den saghas sin de réir mar is gá.
- Seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta a riaradh ó thús na dtionscadal go céim dheiridh (cur i gcrích) na dtionscadal, cáipéisí a phraghsáil, billí, pleananna costais agus meastacháin chostais a ullmhú, agus réamhshocruithe tionscadal a eagrú.
- Fógraí conartha maidir le hoibreacha agus oibreacha bainteach le seirbhísí trí ríomhthairiscintí a sholáthar, a reáchtáil, agus a bhainistiú.
- Foirne deartha de shainchomhairleoirí seachtracha a sholáthar agus a bhainistiú.
- Anailís agus measúnú a dhéanamh maidir le hoiriúnacht conraitheoirí agus éilimh chonartha.
- Aighneachtaí a ullmhú le haghaidh faomhadh maoinithe agus cineálacha costais ábhartha a shocrú.
- Anailís Riosca a chur le chéile don tionscadal/ do na tionscadail.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhad tionscadail, rialú costais agus cúrsaí conartha.
- Bainistiú Tionscadail agus Riarachán Conarthaí.
- Bainistiú costais a dhéanamh maidir leis na tionscadail a shannann an Ghníomhaireacht Tithíochta.
- Cúnamh agus tacaíocht a thabhairt, de réir mar is gá, don scéim um leasúchán piríte, don scéim deontais um bloic choincréite lochtacha nó d'aon scéim leasúcháin eile arna n-oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.
- Dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla, le CTCanna, leis an Roinn Tithíochta, le hOifig Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta, leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla maidir le tithíocht shóisialta.
- Eolas a fháil faoi fhorbairtí nua agus faoi athruithe reachtaíochta a bhaineann le suirbhéireacht chainníochta, soláthar, agus soláthar tithíochta go ginearálta agus iad a chur i bhfeidhm agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
- Tabhairt faoi dhualgais eile a d'fhéadfadh an Stiúrthóir Seirbhíse agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a shannadh ó am go ham.

## CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

Riachtanais Íosta:

- Cáilíocht ar Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa tSuirbhéireacht Chainníochta/Eacnamaíocht Foirgníochta; agus
- cáilíocht ghairmiúil i seilbh aige/aici i Suirbhéireacht Chainníochta atá forordaithe faoin Acht um Rialú Foirgníochta 2007, nó cáilíocht i Suirbhéireacht Chainníochta atá comhionann le cáilíocht atá forordaithe mar sin in Alt 29 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007; agus
- incháilithe a bheith cláraithe mar Shuirbhéir Cainníochta faoin Acht um Rialú Foirgníochta 2007 gan aon mheasúnú eile ag teastáil. Beidh ceapachán ar bith ag an gcomhlacht fostaithe faoi réir cláraithe faoin Acht.
- taithí shásúil ocht mbliana ar a laghad ar obair Suirbhéireachta Cainníochta.
- ardchaighdeán oiliúna agus taithí teicniúla i seilbh aige/aici; agus
- is fearr ballraíocht Chairte i gCumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) / in Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte (RICS).

## SCILEANNA AGUS INNIÚLACHTAÍ

**Ceannaireacht**

- In ann ról ceannasach a ghlacadh mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach chun tionscadail a chur i gcrích in am .
- In ann oibriú go neamhspleách agus gníomhú mar c(h)omhairleoir aonair ar chúrsaí Suirbhéireachta Cainníochta.
- Déanann sé/sí a d(h)ícheall chun modhanna oibre nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ó thaobh a bheith obair go héifeachtach d'fhonn cuspóirí a bhaint amach.

**Scileanna Cumarsáide**

- Scileanna cumarsáide den scoth, idir labhartha agus scríofa.
- Cumas saincheisteanna teicniúla a chur in iúl go soiléir dóibh siúd nach bhfuil aon tuiscint acu ar an teicneolaíocht.
- In ann a léiriú conas mar a théann sé/sí i mbun plé éifeachtach le foireann ildisciplíneach agus le cliaint ó údaráis náisiúnta agus áitiúla go conraitheoirí móra.

**Torthaí a Bhaint Amach**

- In ann cumas a léiriú ó thaobh obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus in ann tús áite a thabhairt do rud eile má athraíonn cúinsí.

- In ann cumas a léiriú ó thaobh obair ar ardchaighdeán a dhéanamh agus go bhféachann a c(h)uid modhanna oibre chuige go mbaintear í seo amach.

**Comhoibriú**

- In ann caidrimh oibre dhearfacha a chothú le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara.
- In ann foireann mheasctha de speisialtóirí teicniúla agus de chleachtóirí tithíochta a bhainistiú.

**Saineolas**

- Ní mór dó/di go leor taithí ábhartha ar shuirbhéireacht chainníochta a léiriú.
- A bheith in ann a léiriú go bhfuil taithí dhíreach aige/aici ar shuirbhéireacht chainníochta i réimse an tsoláthair tithíochta (tithe, árasáin, lena n-áirítear foirgnimh atá ann cheana a iarfheistiú).
- Buneolas maith aige/aici, nó in ann a léiriú go bhfuil sé ar a c(h)umas a leithéid de bhuneolas maith a fhorbairt maidir le cuid de na nithe seo a leanas, nó iad uile:
    1. Rialú costas tógála agus innealtóireacht luacha, Rialacháin Foirgníochta agus Rialacháin um Rialú Foirgníochta
    2. Creataí um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú
    3. Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta

**Scileanna TF:**

Inniúlacht lena n-áirítear inniúlacht maidir leis na cláir seo a leanas :

- MS Office, Buildsoft, CostX, agus/nó cinn eile den saghas céanna, agus eolas éigin ar Revit agus AutoCAD agus BIM.

## SCÁLA TUARASTAIL – INNEALTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH (SCÁLAÍ ÚÁ)

€76,772 – €79,125 – €80,252 – €82,622– €85,011 – €87,394 – €89,793

BFS 1 €92,808
BFS 2 €95,815

**Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais.** D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

## Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais

Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**An dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil – Dé hAoine an 6 Nollaig 2024 ag 12:00 meán lae**

**Nós Imeachta an Iarratais**

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinse ar bith tar éis an dáta deiridh agus na huaire deiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach eolas a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

#BestWorkplaces24
Proud to be one of the Best Workplaces™ in Ireland.
Best Workplaces™
Great Place To Work.
IRELAND 2024

Diversity Charter Ireland

Investors in Diversity | BRONZE